**RABHADH**
**Ní MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

## DÉARDAOIN 14 MEITHEAMH 2012 – MAIDIN 9.30 - 12.30

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
**agus** ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 1
**(80 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Léirigh do thuiscint ar an téarma *fiontraíocht.*

---

**2.** Is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. (*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí.*)

| **Colún 1 – Téarmaí** | **Colún 2 – Míniúcháin** |
|---|---|
| **1**. Páirtí Leasmhar | **A.** Páirtí ag gníomhú lasmuigh dá chumhachtaí dlíthiúla. |
| **2.** Ultra Vires | **B**. Bealach tapa, saor chun déileáil le gearáin ó thomhaltóirí. |
| **3.** Brústocaireacht | **C.** An bealach a ndéantar conradh a dhréachtú. |
| **4.** Dlíthiúlacht Foirme | **D.** Páirtí ar féidir leis dul i bhfeidhm ar chinntí gnó nó ar féidir le cinntí gnó dul i bhfeidhm air. |
| **5.** An Chúirt Oibreachais | **E.** Feachtas eagraithe a úsáid chun dul i bhfeidhm ar chinnteoir. |
| | **F.** Bunaíonn sí Comhchoistí Oibreachais. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos:

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** | **5.** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**3.** Mínigh an difríocht idir na téarmaí *rátaí cánach* agus *creidmheasanna cánach*.

---

**4.** **(a)** Sainmhínigh an téarma *tarmligean*.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tarmligean laistigh de ghnólacht:

**(i)**

**(ii)**

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné de struchtúr eagrúcháin maitríse:

**(i)**

**(ii)**

**6.** I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil.

| | |
|---|---|
| **T&F (R&D)** | |
| **CPT (PLC)** | |
| **CGFÉ (IBEC)** | |
| **CGU (EGM)** | |
| **CCÚT (DIRT)** | |

**7.** Déan idirdhealú idir *cumasc* agus *saincheadúnas* mar mhodhanna le gnó a leathnú.

**8.** **(a)** Sainmhínigh an téarma *earnáil phríomhúil.*

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** threocht reatha atá ag dul i bhfeidhm ar an earnáil seo in Éirinn:

**(i)**__________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

**(ii)**__________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

**9.** Léirigh do thuiscint ar an téarma *Bloc Trádála*.


_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

**10.** **Cairt mheá ar mheá**




Freagair na ceisteanna a leanas sa Bhosca Freagraí thíos.

**(i)** **An Pointe Meá ar Mheá** (PMM) ina aonaid agus ina euro

**(ii)** An **Brabús** ar Dhíolacháin Thuartha (15,000 aonad) ina euro.

Bosca Freagraí

| | |
|---|---|
| PMM<br>ina aonaid **agus**<br>ina euro | Aonaid:__________<br><br>€ |
| Brabús ar<br>Dhíolacháin<br>Thuartha<br>ina euro | € |

**(iii)** Mínigh an téarma Lamháil Sábháilteachta.

_______________________________________________

_____________________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

## ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 4, 5, agus 6**

# Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## Margadh Faoi Dhíon Phort na hAbhann (MPA) Tta



Is baile in Iarthar na hÉireann le radhairc áille é Port na hAbhann. In 2009, dúnadh cuideachta mhór ilnáisiúnta, an fostóir ba mhó sa bhaile. Spreag an chailliúint seo grúpa díograiseach de mhuintir na háite agus de lucht gnó le rud éigin a dhéanamh chun a bpobal áitiúil a athbheochan. Chonaic siad go raibh féidearthacht ag baint le trádstóras monarchan folamh an ilnáisiúntaigh mar acmhainn. Chreid siad go bhféadfaí leas a bhaint as chun cabhrú le tionscadail fhorbartha sa cheantar mar gheall ar an ionad ina raibh sé. Bhí sé éasca teacht air agus bhí neart áiteanna páirceála ann. Ghlac siad comhairle go forleathan agus bhailigh siad eolas óna oiread páirtithe leasmhara áitiúla agus a thiocfadh leo.

Ag éirí as an bpróiseas comhairliúcháin, d'aithin feirmeoirí áitiúla, táirgeoirí agus lucht ceardaíochta go dtabharfadh margadh feirmeoirí faoi dhíon deis iontach dóibh a gcuid táirgí a dhíol go díreach leis an tomhaltóir. Bhunaigh grúpa beag de lucht gnó na háite cuideachta phríobháideach theoranta, Margadh Faoi Dhíon Phort na hAbhann (MPA) Tta. Chuaigh siad i mbun oibre ag aithint na roghanna airgeadais a bhí ar fáil chun an trádstóras monarchan a cheannach ar €400,000, an praghas a aontaíodh. Bhí €50,000 breise ag teastáil chun an trádstóras a athchóiriú sa chaoi go mbeadh 50 aonad stalla ann. D'fhéadfaí na haonaid a ligean ar cíos ansin le feirmeoirí agus le lucht ceardaíochta. I dtús báire, bhí ar shealbhóirí na stallaí feithicil iompair a cheannach, an stalla a fheistiú amach agus an cíos aontaithe ar stalla, €50 ina aghaidh an lae, a íoc le MPA Tta. Ar bhonn leanúnach, bheadh ar shealbhóirí na stallaí sreabhadh airgid a bhainistiú go héifeachtach agus smacht a choinneáil ar chostais riachtanacha mar amhábhair, stoc, costais oibriúcháin iompair, pá, agus árachas.

D'éirigh thar barr le margadh na bhfeirmeoirí. Ag deireadh an dara bliain, mhéadaigh líon na sealbhóirí stalla ón 7 a bhí ann ar dtús go dtí 30. De bhrí go raibh fás ag teacht ar líon na ndaoine a bhí ag teacht chuig an margadh, bhí MPA Tta in ann aonaid sa trádstóras a ligean ar léas le hionad spraoi agus gníomhaíochta faoi dhíon do pháistí agus le hionad do sciomradh gluaisteáin. Thuairiscigh mórán seirbhísí áitiúla i bPort na hAbhann, tithe leaba agus bricfeasta, bialanna agus stáisiúin pheitril, mar shampla, go raibh méadú tagtha ar a gcuid brabúis ag deireadh na bliana. Thug an margadh deis do mhuintir na háite agus do chuairteoirí bualadh le chéile go neamhfhoirmiúil agus a bheith i gcaidreamh le chéile. Thug an chomhairle baile áitiúil limistéar glas a bhí in aice láimhe saor in aisce dóibh chun páirc phoiblí a thógáil ann.

Ó tharla go dtaistealaíonn mórán de na sealbhóirí stalla ó na contaetha mórthimpeall, tá pleananna ann anois MPA Tta a chur chun cinn mar mhargadh réigiúnach, agus é ag freastal ar réigiún Chonnacht. Tá suíomh gréasáin idirghníomhach forbartha ag MPA Tta ar a bhfuil mír d'físeán a léiríonn lá i saol an mhargaidh. Tá tionscnóirí turas chomh tógtha sin leis go bhfuil an margadh curtha san áireamh acu mar chuid dá gcamchuairt do thurasóirí. Úsáideann ionadaithe díolacháin ó MPA Tta bothanna taispeánta soghluaiste laistigh den réigiún chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar. Chomh maith leis sin, ritheann MPA Tta comórtais mhíosúla chun duais de shaoire dheireadh seachtaine a bhuachan i bPort na hAbhann. Tá MPA Tta ag tógáil i gcónaí ar an dea-chaidreamh atá acu leis an bpobal áitiúil trí thacaíocht airgid a thabhairt don chlub CLG áitiúil agus mar gheall air sin bíonn ainm branda agus lógó MPA Tta ar gheansaithe an chlub.

**(A)** Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí do riachtanais
(i) MPA Tta
(ii) Sealbhóirí stalla aonair. (20 marc)

**(B)** Pléigh na buntáistí don phobal áitiúil a éiríonn as an rath atá ar MPA Tta. (30 marc)

**(C)** Déan measúnú ar na teicnící tionscnaimh ar thug MPA Tta fúthu. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Gnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na nósanna imeachta ba chóir d'fhostóir a leanúint sula ndéantar fostaí a bhriseadh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007. (20 marc)

**(B)** Is féidir conradh dleathach a fhoirceannadh le <u>sárú</u>, <u>dírathú</u> nó <u>comhaontú</u>.
Léirigh do thuiscint ar na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (20 marc)

*Tháinig an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 i bhfeidhm in Éirinn ar 1 Bealtaine, 2007. Rinne an tAcht foráil do bhunú na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí, a cuireadh in áit Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí.*

**(C)** Déan measúnú ar an ról agus ar na feidhmeanna atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT) maidir le cosaint a thabhairt do thomhaltóirí. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

*"Is eochairghné de phlean gnó é struchtúr oiriúnach gnó a roghnú."*

**(A)** Déan plé ar *Comharchumainn* **agus** ar *Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta* mar chineálacha d'úinéireacht gnó. Úsáid na ceannteidil seo a leanas:
***Foirmiú;*** ***Dliteanas;*** ***Airgeadas;*** ***Rialú*** (25 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil beartas Rialtas na hÉireann i leith cáin a ardú agus i leith caiteachas poiblí a ísliú, ag dul i bhfeidhm ar chúrsaí gnó. (20 marc)

**(C)** (i) Sainmhínigh an téarma 'Eitic Ghnó'.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir iompar eiticiúil i gcúrsaí gnó a spreagadh.
(15 mharc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*"Tagraíonn domhandú don idirspleáchas atá ag fás idir gheilleagair an domhain."*

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** fhorbairt sa teicneolaíocht a rinne an fás sa domhandú a éascú.

(20 marc)

**(B)** "*Is beartas Rialtais chun bacainní a chur ar an tsaorthrádáil é cosantas.*"
Déan cur síos, agus samplaí á n-úsáid agat, ar bhacainní saorthrádála idir thíortha.

(20 marc)

**(C)** Déan plé ar an ról atá ag Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí) agus ag an gCoimisiún Eorpach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (AE).

(20 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

*"Tá an bealach a ndéanann tú an chumarsáid chomh tábhachtach céanna leis an gcumarsáid a dhéanann tú."*

**(A)** Léirigh na tosca is gá do ghnólacht a chur san áireamh agus é ag déanamh cumarsáide leis na páirtithe leasmhara éagsúla atá aige. (20 marc)

**(B)** Déan idirdhealú idir na dualgais atá ar an gcathaoirleach agus ar an rúnaí maidir le Cruinniú Cinn Bhliana a eagrú agus a stiúradh. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar dhá stíl cheannaireachta **agus** léirigh conas is féidir le gach aon cheann de na stíleanna sin a bheith oiriúnach i gcúinsí gnó éagsúla.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht**

**Ceist 5**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Soláthraíonn Bianua Tta, cuideachta mheánmhéide atá ag feidhmiú in earnáil an agraibhia, táirgí bia ullmhaithe ar ardchaighdeán in Éirinn agus i margadh na Ríochta Aontaithe.*

**(A)** Dréachtaigh litir ghnó ó Árachas EXON CPT chuig Bianua Tta, ag úsáid dáta an lae inniu. Sainaithin na rioscaí gnó a d'fhéadfadh a bheith ann agus na cineálacha árachais a bheadh oiriúnach do Bhianua Tta. Bain úsáid as ainmneacha agus as seoltaí a chumann tú féin.

(20 marc)

**(B)** Sa tábla a leanas tugtar sonraí meánfheidhmíocht cuideachtaí sa tionscal céanna le Bianua Tta in 2011:

| Meántorthaí an Tionscail, 2011 | |
|---|---|
| TAI (ROI) | **11%** |
| An Cóimheas Reatha | **2:1** |
| An Cóimheas Fíorthástála | **1.2:1** |
| An Cóimheas Fiachais/Cothromais | **0.3:1** |

Tógadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Bhianua Tta do 2011.

| Figiúirí Bhianua Tta do 2011 | € |
|---|---|
| Brabús Glan | **50,000** |
| Díolacháin | **975,000** |
| Sócmhainní Reatha<br>(stoc deiridh san áireamh) | **155,000** |
| Iasacht Fhadtéarmach | **300,000** |
| Gnáth-Scairchaipiteal | **500,000** |
| Fiachais Reatha | **85,000** |
| Tuilleamh Coimeádta | **100,000** |
| Stoc Deiridh | **80,000** |

(i) Déan iad seo a leanas a ríomh do Bhianua Tta do 2011:

- An Toradh ar Infheistíocht (TAI)
- An Cóimheas Reatha
- An Cóimheas Fíorthástála
- An Cóimheas Fiachais/Cothromais.

(20 marc)

(ii) Déan anailís ar *bhrabúsacht* **agus** ar *leachtacht* Bhianua Tta do 2011, agus tagairt agat do mheántorthaí an tionscail a thaispeántar sa bhosca thuas, **agus** déan moltaí do Bhianua Tta.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

**(A)** Déan plé ar na buntáistí **agus** ar na rioscaí a bhaineann le fostaithe a chumasú laistigh de ghnólacht.
(20 marc)

*"Is próiseas atá tábhachtach do rath gnóthaí sa todhchaí é táirgí nua a thabhairt isteach ar bhun comhsheasmhach."*

**(B)** Is céimeanna tábhachtacha iad Giniúint Smaointe agus Staidéar Indéantachta sula seoltar táirge nó seirbhís nua ar an margadh.
Déan plé ar na céimeanna a bhfuil líne fúthu thuas, agus tagairt agat do tháirge nó do sheirbhís a roghnaíonn tú féin.
(20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

*Measann Ríomhaireacht Zac Tta, gnólacht nua nuálach teicneolaíochta, gur doiciméad riachtanach é a phlean gnó i gcomhthéacs tionscnaimh ghnó agus fás sa todhchaí.*

(i) Mínigh an téarma "plean gnó".
(ii) Déan measúnú ar an tábhacht a bhaineann le plean gnó do ghnólacht nua nuálach teicneolaíochta. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn Bealach Dáileacháin oiriúnach á roghnú aige. Tabhair samplaí chun do fhreagra a léiriú.
(20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar "*dearadh táirgí*" agus "*pacáistiú táirgí*" laistigh de ghné an táirge den chumasc margaíochta. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair an cheist a leanas.

*Sa bhliain 2011 bhí díolacháin €100 milliún ag ScothBhréagáin Tta, sreangshiopa mór miondíola a bhfuil 45 siopa acu ar fud na hÉireann. Tá siad tar éis comhlacht a choimisiúnú le raon nua de bhréagáin bhoga a dhearadh agus a dhéanamh do leanaí. Beidh siad ar fáil le cur ar díol ina gcuid siopaí ó shamhradh na bliana 2013 amach. Tá plean ag ScothBhréagáin Tta a gcéad siopa a oscailt sa Ríocht Aontaithe in 2014.*

Déan plé ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le fairsingiú agus le fás ghnó *ScothBhréagáin Tta*.
(20 marc)
**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach Bán